An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

# An Clár Ábhar

AN CLÁR ÁBHAR ........ 3

RÉAMHRÁ ........ 5

MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE: EOLAS GINEARÁLTA ........ 6

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh ........ 6

Neamhspleáchas na scoile maidir leis an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe ........ 7

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ........ 7

Tacaíocht réasúnta ........ 8

Cleachtais mheasúnaithe ionchuimsitheacha ........ 8

MEASÚNUITHE RANGBHUNAITHE SA CHORPOIDEACHAS ........ 9

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: GNÍOMHAÍOCHT CHOIRP LE HAGHAIDH NA SLÁINTE AGUS AN TAITNIMH ........ 10

**Ullmhúchán** ........ **11**
- Ullmhúchán an scoláire ........ 11
- Ullmhúchán an Mhúinteora ........ 12

**Measúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh a Chur i gCrích** ........ **12**
- Fianaise ar fhoghlaim ........ 13

**An leibhéal gnóthachtála a chinneadh** ........ **14**
- Na Gnéithe Cáilíochta ........ 14
- Na Gnéithe Cáilíochta: Gníomhaíocht Choirp le hAghaidh na Sláinte agus an Taitnimh ........ 15

**Na chéad chéimeanna eile** ........ **16**
- Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ........ 16
- Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadadh agus a Thuairisciú ........ 16
- Aiseolas a úsáid ........ 17
- Toradh a cheistiú ........ 17

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2: MO THAISPEÁNTAS ........ 18

**Ullmhúchán** ........ **18**
- Ullmhúchán an scoláire ........ 19
- Ullmhúchán an Mhúinteora ........ 19

**Measúnú Rangbhunaithe a 2 a chur i gcrích: Mo Thaispeántas ... 20**
Fianaise ar fhoghlaim ... 21

**An leibhéal gnóthachtála a chinneadh ... 21**
Na Gnéithe Cáilíochta ... 21
Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú - Mo Thaispeántas ... 22

**Na chéad chéimeanna eile ... 23**
Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ... 23
Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadadh agus a Thuairisciú ... 23
Aiseolas a úsáid ... 24
Toradh a cheistiú ... 24

# Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, Corpoideachas na Sraithe Sóisearaí: Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme na Measúnuithe Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht do Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála sna Measúnuithe Rangbhunaithe
- Treoracha don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis na Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích

Ba cheart na treoracha seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht Chorpoideachais na Sraithe Sóisearaí agus le hábhar measúnaithe tacaíochta ar líne CNCM. Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach 2015, atá ar fáil ar Chreat don tSraith Shóisearach (ncca.ie)

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRB) ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis an tasc sonrach nó na tascanna sonracha a leagtar amach sa tsonraíocht churaclaim. Cuirtear i gcrích iad taobh istigh den fhad ama a leithdháiltear don chorpoideachas, .i. 135 uair an chloig ar a laghad. Leagtar amach sna treoirlínte seo na Measúnuithe Rangbhunaithe agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe taifeadtar breithiúnas an mhúinteora don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisciú na scoile do thuismitheoirí agus don scoláire. Ullmhaíonn an scoláire do na Measúnuithe Rangbhunaithe le linn tréimhsí ar leith sa dara agus sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair bhaile, ná i measúnaithe a dhéanann an scoláire le linn na ngnáthranganna san áireamh i mbronnadh tuairisceora mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála do gach Measúnú Rangbhunaithe ann: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht leis na hionchais,* agus *Níor comhlíonadh na hionchais go fóill*. Meastar go dtagann an obair ar fad a chuirtear isteach le ceann de na ceithre thuairisceoir sin.

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo, leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ní mór don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (ag tosú le Níor chomhlíon na hionchais go fóill) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba cheart a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ón scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor cheart don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

Tacaíonn samplaí anótáilte de shaothar scoláire a fhoilsítear ar churaclam ar líne le breithiúnais an mhúinteora faoi chaighdeán shaothar an scoláire, d'fhonn comhthuiscint a bhaint amach ar chaighdeáin agus ar ionchais; Corpoideachas | Curaclam Ar Líne; tacaíonn na gnéithe cáilíochta sna treoracha seo leo freisin chomh maith le comhoibriú agus plé le comhghleacaithe i rith chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

## Neamhspleáchas na scoile maidir leis an scoláire a ullmhú do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Tá rogha topaicí agus leaganacha amach ag an scoláire agus ag múinteoirí do na measúnuithe Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh agus Mo Thaispeántas araon. Cuirtear féidearthachtaí éagsúla i láthair maidir leis an gcaoi ar féidir na MRBanna a dhéanamh, maidir le cineál an taisc féin agus maidir le ról an mhúinteora i measúnú an scoláire a éascú.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ar na bealaí seo a leanas:

- A chinntiú go dtugtar an tSonraíocht agus na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na Tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifead
- Taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.
- Na treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i bhfeidhm

- Cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus dá thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha na scoile um thuairisciú agus trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

## Tacaíocht réasúnta

D'fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba cheart breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D'fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht réasúnta:

- Riachtanais an taisc a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an mheasúnaithe a éascú
- Tacaíocht a chur ar fáil don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) aige.

## Cleachtais mheasúnaithe ionchuimsitheacha

Éascaíonn an scoil cleachtais ionchuimsitheacha mheasúnachta, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sna Measúnuithe Rangbhunaithe a bhaint, a oiread agus is féidir, ionas gur féidir leis an scoláire a leibhéal gnóthachtála a léiriú. Ba cheart go mbeadh na tacaíochtaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí oiriúnaitheacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

## Measúnuithe Rangbhunaithe sa Chorpoideachas

Is ann do dhá Mheasúnú Rangbhunaithe sa Chorpoideachas. Déantar iad a mheas ar Leibhéal Comónta. Baineann siad le torthaí sonraithe foghlama agus tá nasc acu le gnéithe tábhachtacha d'fhorbairt an scoláire mar rannpháirtí gníomhaíochta coirp atá inniúil, muiníneach agus neamhspleách i réimse gníomhaíochtaí fisiciúla. Baineann an dá Mheasúnú Rangbhunaithe le hionchais foghlama trí na Snáitheanna agus Gnéithe laistigh den tsonraíocht.

Ní mór do scoileanna an dáta don MRB a shocrú, faoina dtabharfaidh an scoláire laistigh de thréimhse shonraithe ama le linn am teagmhála ranga. Tugtar breac-chuntas ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus sceideal táscach le haghaidh an chorpoideachais i dTábla 1 thíos.


| Measúnuithe Rangbhunaithe | Leagan amach | Ullmhúchán an Scoláire |
|---|---|---|
| Gníomhaíocht Choirp le hAghaidh na Sláinte agus an Taitnimh | Is féidir an clár a chur i láthair i réimse de leaganacha amach agus meáin dhifriúla. | I rith na tréimhse sé seachtaine sa Dara Bliain, dearfaidh an scoláire clár bunaithe ar spriocanna pearsanta chun a chuid rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp a fheabhsú agus cuirfidh sé/sí i bhfeidhm é. Ag deireadh na tréimhse sé seachtaine, tabharfaidh an scoláire tuairisc ar a chlár bunaithe ar an bplean a cuireadh i bhfeidhm agus ar mheastóireacht ar rath an chláir. |
| Mo Thaispeántas | Cuirtear an taispeántas i gcrích le linn am ranga | Socróidh an scoláire, i gcaitheamh tréimhse sé seachtaine sa Tríú Bliain, an tslí is fearr le leibhéal inniúil scile a léiriú trí réimse roghnaithe gníomhaíochta coirp. Ag deireadh na tréimhse sé seachtaine, léireoidh an scoláire a leibhéal scile trí mheán taispeántas rangbhunaithe. |

Tábla 1: Measúnuithe Rangbhunaithe sa chorpoideachas

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht Choirp le hAghaidh na Sláinte agus an Taitnimh

Is é is aidhm do shonraíocht Corpoideachais na Sraithe Sóisearaí ná an scoláire a fhorbairt ina rannpháirtí inniúil, muiníneach agus féinrialaitheach i ngníomhaíocht choirp i raon de ghníomhaíochtaí coirp éagsúla. Cuireann an tsonraíocht cur chuige comhtháite chun cinn i leith na foghlama, agus leagann sí amach torthaí foghlama i dtrí shnáithe idirnasctha lena chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna ag an scoláire chun cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp, bíodh sin mar rannpháirtíocht áineasa nó mar rannpháirtíocht i spóirt. MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: Tá sé mar aidhm ag Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh an scoláire a spreagadh le tabhairt faoi shlí ghníomhach shláintiúil mhaireachtála trí dheis a chur ar fáil pleanáil do chlár pearsanta um ghníomhaíocht choirp, é a chur i bhfeidhm agus a mheas.

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1:  Tá ceithre réimse gníomhaíochta i gceist le Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh: ag giniúint próifíl phearsanta, ag machnamh ar phróifíl phearsanta agus ag socrú spriocanna chun feabhais, ag dearadh clár pearsanta um Shláinte agus Taitneamh agus ag machnamh ar na rudaí ar éirigh leo agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn agus a chlár pearsanta á chur i bhfeidhm.





Fíor 1: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 1: Cuireann Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh rannpháirtíocht na scoláirí chun cinn trí:

- Rogha a sholáthar faoi na gnéithe sláinte a ndíreofar orthu
- Rogha de leaganacha amach a sholáthar chun a gclár a chur i láthair
- Deiseanna comhoibrithe don scoláire.

# Ullmhúchán




Fíor 2: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 – Ullmhúchán

## Ullmhúchán an scoláire

Ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach forbartha ag an scoláire i gcaitheamh na chéad bhliana/na dara bliana le tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh. Mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim leanúnach agus mar chuid den mheasúnú leanúnach ar na torthaí foghlama do Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí, ba cheart go mbeadh deiseanna ag an scoláire feasacht a fhorbairt ar thosca a chuireann le slí shláintiúil mhaireachtála agus le cinntí fiúntacha, ábhartha agus tairbheacha a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi thóraíocht shlí shláintiúil mhaireachtála. De réir mar a théann an scoláire ar aghaidh tríd an tsraith shóisearach, ba cheart é/í a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna amhail nósanna maireachtála (.i. an taithí atá aige/aici ar ghníomhaíocht choirp ina s(h)aol féin, na cineálacha gníomhaíochtaí coirp a thaitníonn leis/léi, fad agus minicíocht na gníomhaíochta coirp) agus ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar cé chomh sláintiúil is atá a s(h)lí mhaireachtála chomh maith (.i. nósanna, cothú, iontógáil uisce, spreagadh, féiniúlacht agus rogha pearsanta).

Mar ullmhúchán dá Measúnú Rangbhunaithe, ba cheart tacú leis an scoláire straitéisí a shainaithint chun a rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a fheabhsú. Mar chuid de sin, d'fhéadfadh gur ghá straitéisí a shainaithint a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go n-éireoidh leis/léi agus an chaoi le dul i ngleic le bacainní féideartha ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a d'fhéadfadh a bheith acu.


Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá sé i gceist go n-úsáidfidh an múinteoir, an scoláire féin agus a chomhscoláirí measúnú foirmitheach ó thús deireadh na sraithe sóisearaí chun tacú leis an tuiscint. Ó chéim luath, trína rannpháirtíocht leis an bhfoghlaim, go háirithe le tacaíocht ó na Gnéithe mar atá leagtha amach sa tsonraíocht agus trí eispéiris foghlama ghníomhacha, thascbhunaithe, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar bhunphrionsabail na rannpháirtíochta i ngníomhaíocht choirp. Neartófar taithí an scoláire ar an Measúnú Rangbhunaithe trí chur chuige leanúnach maidir le measúnúcht ag úsáid critéir ratha. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le caighdeán a mheasúnaithe Gníomhaíochta Coirp le haghaidh an Sláinte agus an Taitnimh a mheas.

## Ullmhúchán an Mhúinteora

Tá sé tábhachtach na dátaí forfheidhmithe don Mheasúnú Rangbhunaithe a shocrú chomh luath agus is féidir. Is é an príomhdháta a chaithfear a shocrú ón tús ná an dáta le haghaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.
Le dul i dtaithí ar an Measúnú Rangbhunaithe, b'fhiú go mór duit:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar shonraíocht Chorpoideachais na Sraithe Sóisearaí agus ar an tSraith Uirlisí don Mheasúnú.
- Plé a dhéanamh le comhghleacaithe ar an Measúnú Rangbhunaithe agus aon teagasc agus athbhreithniú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a phleanáil.
- Samplaí anótáilte de Mheasúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh a íoslódáil agus súil a chaitheamh orthu nuair atá siad ar fáil.

# Measúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh a Chur i gCrích




Fíor 3: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 – An Measúnú Rangbhunaithe a thabhairt i gcrích

De réir mar a théann an scoláire ar aghaidh trí shnáitheanna idirnasctha an chorpoideachais, foghlaimíonn sé/sí faoi bhealaí éagsúla le bheith gníomhach go fisiciúil, faoi bhealaí chun rannpháirtíocht a fheabhsú, faoi bhealaí chun nósanna sláintiúla um ghníomhaíocht choirp a ionchorprú i saol laethúil an duine agus machnamh a dhéanamh ar a gcuidíonn agus/nó a gcuireann bac ar a g(h)níomhaíocht choirp. Sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo, déanfaidh an scoláire, trí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp, a chlár pearsanta a dhearadh agus machnamh a dhéanamh air trí 4 chéim ar leith. Cuireann na céimeanna seo le giniúint fhianaise an scoláire ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil i Measúnú Rangbhunaithe 1: Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh. Moltar don scoláire plean a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar an ngníomhaíocht choirp don tsláinte agus chun sult a bhaint as an saol laethúil taobh amuigh den rang corpoideachais. Moltar go leithdháiltear am don scoláire sa rang Corpoideachais, roimh ghníomhaíocht choirp nó ina diaidh chun machnamh a dhéanamh agus tuairisc a thabhairt ar a eispéiris/a heispéiris.

a) Ag giniúint próifíl phearsanta
b) Ag machnamh ar phróifíl phearsanta agus ag socrú spriocanna chun feabhais
c) Ag dearadh clár chun feabhais

d) Ag machnamh ar na rudaí ar éirigh leo agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn agus an clár á chur i bhfeidhm

I rith na chéad choicíse, tabharfar roinnt deiseanna don scoláire próifíl phearsanta a ghiniúint agus spriocanna a shainaithint. Sna ceithre seachtaine ina dhiaidh sin, cuirfidh an scoláire a chlár i bhfeidhm. Moltar don scoláire tabhairt faoi mhachnamh pearsanta ag deireadh gach seachtaine. Tar éis an chéad 2 sheachtain, ba cheart tacú leis an scoláire trí 'sheiceáil isteach', áit a mbeidh deis acu athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna.

Nuair a bheidh a c(h)lár críochnaithe, ba cheart don scoláire machnamh a dhéanamh ar na rudaí ar éirigh leis/léi agus ar na dúshláin a tháinig chun cinn agus a c(h)lár pearsanta um ghníomhaíocht choirp á chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí ceisteanna mar seo a leanas a úsáid chun tacú le machnamh an scoláire:

- Conas a thagann mo chuid spéiseanna agus scileanna le saol sláintiúil?
- Cad iad na réimsí, dar liom, ina bhféadfainn feabhas a chur ar mo ghníomhaíocht choirp?
- Cad iad na gnéithe de mo phróifíl is mó a bhfuilim bródúil astu, agus cén fáth?
- Conas is féidir liom aghaidh a thabhairt ar na laigí a shainaithnítear i mo phróifíl?
- Cad iad na spriocanna sonracha is féidir liom a shocrú le láidreachtaí mo phróifíle a fheabhsú?
- Cad iad na spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha is féidir liom a shocrú bunaithe ar mo mhachnaimh phróifíle?
- Conas a dhéanfaidh mé an dul chun cinn i dtreo gach sprice a thomhas?
- Cad iad na hacmhainní nó na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uaim leis na spriocanna seo a bhaint amach?
- Cad iad na gníomhaíochtaí a chuireann áthas orm agus a chuireann le m'fholláine choirp?
- Conas is féidir liom na gníomhaíochtaí seo a ionchorprú i ngnáthamh rialta?
- Cad iad roinnt constaicí a d'fhéadfadh cosc a chur orm mo chlár um Shláinte agus Taitneamh a leanúint, agus conas is féidir liom iad a shárú?
- Cad iad na héachtaí atá bainte amach agam ó chuir mé mo chlár pearsanta i bhfeidhm?
- Cad iad na dúshláin a bhí romham, agus conas a thug mé aghaidh orthu?
- Cén feabhas atá tagtha ar mo chur chuige maidir le sláinte agus taitneamh tríd an bpróiseas seo?

## Fianaise ar fhoghlaim

Beidh an fhianaise seo a leanas ag teastáil:

- Tuairisc

Tabharfaidh an scoláire tuairisc ar a chlár ina rogha formáide. Faoi threoir an mhúinteora, roghnóidh an scoláire an fhormáid is fearr a oireann do leibhéal a gcumais agus dá spéiseanna. Gintear an tuairisc i rith na 6 seachtaine agus tugtar chun críche í ag deireadh an MRB. Spreagtar


an scoláire le réimse ilmheáin úsáid, grianghraif, líníochtaí agus físeáin san áireamh, chun a chlár a léiriú. Agus ábhar a thuairisce á phleanáil ag an scoláire, ba cheart dó cur amach a bheith aige ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le leibhéal gnóthachtála a chuid oibre a mheas.

Ba cheart go ndéanfar an méid a leanas sa tuairisc:

- Forbhreathnú a thabhairt ar phróifíl phearsanta, agus ar chlár chun feabhais, spriocanna sainaitheanta agus machnamh ar an bplean san áireamh.
- An tuairisc a chur i láthair ar bhealaí éagsúla ag brath ar spéiseanna an scoláire agus/nó acmhainní scoile, m.sh. cur i láthair ó bhéal, cur i láthair lámhscríofa, cur i láthair atá i bhformáid dhigiteach srl.
- Cloí le teorainneacha iomchuí. D'fhéadfadh siad seo a bheith difriúil ag brath ar an bhformáid shonrach a úsáidtear m.sh. uasmhéid 1000 focal, uasfhad 5 nóiméad ag físeán nó cur i láthair.

Is treoracha iad seo chun an tacaíocht is fearr a chur ar fáil don scoil maidir le cur chuige aonair a éascú dá scoláire fad is atá iontaofacht an mheasúnaithe agus soláimhsitheacht an phróisis á gcinntiú aici. Ag brath ar an bhformáid a roghnaítear, d'fhéadfadh critéir dhifriúla a bheith i gceist le roinnt tuairiscí i ndáil le fianaise a sholáthraítear ach, mar sin féin, cuirtear an fhaisnéis go léir i láthair go cuimsitheach. Úsáidfear an fhianaise go léir a chuirfear isteach chun breithiúnas a thabhairt ar leibhéal gnóthachtála an scoláire i gcomparáid leis na Gnéithe ábhartha Cáilíochta atá leagtha amach ar lch 15.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh




Fíor 4: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 – An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Gníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na ceithre Thuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire. Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla d'obair scoláirí. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- d'fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe agus foilseofar samplaí anótáilte d'obair scoláire ar Corpoideachas | Curaclam ar Líne

Sula mbainfí úsáid as na Gnéithe Cáilíochta thíos, d'fhéadfadh gurbh fhiú súil siar a chaitheamh ar:

- Breithiúnais 'thomhaiste' a dhéanamh (leathanach 6)
- Measúnú cuimsitheach (leathanach 8)


## Na Gnéithe Cáilíochta: Gníomhaíocht Choirp le hAghaidh na Sláinte agus an Taitnimh

| Thar barr ar fad |
|---|
| • Léiriú sár-ionraic, cruinn, tomhaiste agus cuimsitheach air/uirthi féin is ea próifíl phearsanta .i. tá próifíl an scoláire curtha in oiriúint dó/di féin agus próifíl uathúil an scoláire féin atá ann.<br>• Tá prionsabail eolaíocha mar bhonn faoi spriocanna chun feabhais an chláir agus tá siad ailínithe leis an bpróifíl phearsanta.<br>• Tá an plean pearsanta nasctha go soiléir leis na spriocanna chun feabhais agus léiríonn an scoláire raon straitéisí a úsáideadh, fianaise ar an bhfáth a ndearnadh cinntí ar leith san áireamh.<br>• Tá an-léargas le sonrú i machnamh an scoláire agus tugtar dearcadh eolasach ann ar an gcaoi a gcuirfidh sé/sí a c(h)uid foghlama i bhfeidhm sa todhchaí. |
| **Os cionn na n-ionchas** |
| • Léiriú ionraic, cruinn, tomhaiste agus cuimsitheach air/uirthi féin is ea próifíl phearsanta .i. tá próifíl an scoláire curtha in oiriúint dó/di féin agus uathúil don scoláire sin.<br>• Tá faisnéis ábhartha mar bhonn faoi spriocanna chun feabhais an chláir agus tá siad ailínithe leis an bpróifíl phearsanta.<br>• Tá an plean pearsanta nasctha leis na spriocanna chun feabhais agus léiríonn an scoláire roinnt straitéisí a úsáideadh, fianaise ar an bhfáth a ndearnadh cinntí ar leith san áireamh.<br>• Tá léargas cuibhseach maith le sonrú i machnamh an scoláire agus soláthraíonn sé fianaise leis an gcaoi a gcuirfear i bhfeidhm é amach anseo a thaispeáint. |
| **Ag teacht leis na hionchais** |
| • Léiriú ionraic agus cruinn agus leordhóthanach is ea próifíl phearsanta .i. tá próifíl an scoláire curtha in oiriúint dó/di féin agus uathúil don scoláire sin.<br>• Is leor spriocanna chun feabhais an chláir, cé nach ndéantar ach breithniú teoranta ar phrionsabail eolaíocha, agus tá siad ailínithe leis an bpróifíl phearsanta<br>• Tá an plean pearsanta nasctha leis na spriocanna chun feabhais, agus léiríonn an scoláire fianaise theoranta ar straitéisí a úsáideadh agus ar an bhfáth a ndearnadh cinntí.<br>• Tá machnamh an scoláire leordhóthanach agus soláthraíonn sé fianaise chun tacú le cumas an scoláire an fhoghlaim a chur i bhfeidhm amach anseo. |

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Achoimre bhunúsach ar fhaisnéis phearsanta is ea próifíl phearsanta
- Tá spriocanna chun feabhais an chláir neamhréadúil agus níl siad ag teacht le riachtanais an scoláire.
- Cuireann an scoláire eolas bunúsach ar fáil agus fágann sé/si eolas tábhachtach ar lár maidir le straitéisí a cuireadh i bhfeidhm agus fianaise ar chinntí a rinneadh
- Tá teorainn le machnamh an scoláire.

## Na chéad chéimeanna eile




Fíor 5: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1 – Na chéad chéimeanna eile

### Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Tiocfar ar chomhthuiscintí ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), cruinnithe ag a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláire isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláire arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar samplaí de mheasúnuithe na scoláirí um Ghníomhaíocht Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh i gcomhair plé ag cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil acu lena bplé ag an gcruinniú.

Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin bpróiseas Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag Cruinnithe AFMÁ | CNCM

### Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadadh agus a Thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne siad ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus

gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.
Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach don Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach bhfuil obair ann lena plé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais maidir le tuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag an nasc seo a leanas gov - Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) (www.gov.ie)

## Aiseolas a úsáid

Is céim ríthábhachtach é aiseolas éifeachtach a chur ar fáil maidir leis na measúnuithe um Ghníomhaíochta Choirp le haghaidh na Sláinte agus an Taitnimh a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim sa chorpoideachas. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais maidir le húsáid an aiseolais ar fáil ag Díriú ar an bhFoghlaim | CNCM

## Toradh a cheistiú


Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

# Measúnú Rangbhunaithe 2: Mo Thaispeántas

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2: Spreagann Mo Thaispeántas an scoláire le tabhairt faoi shlí ghníomhach shláintiúil mhaireachtála trí dheis a chur ar fáil pleanáil le haghaidh leibhéal inniúil scile, é a fhorbairt agus é a léiriú trí thaispeántas gníomhaíochta coirp.

MEASÚNÚ RANGBHUNAITHE 2: Tá ceithre chéim gníomhaíochta mar chuid de Mo Thaispeántas:

- an ghníomhaíocht ábhartha, na scileanna agus na dearcthaí sonracha nach mór a léiriú tríd an taispeántas a mheas;
- réimse gníomhaíochta coirp a chinneadh mar mheán taispeántais;
- ullmhúchán a dhéanamh d'úsáid éifeachtach scileanna agus straitéisí gluaiseachta a bheidh mar chuid den taispeántas;
- feidhmiú go héifeachtach sa rang.





Fíor 6: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2

Cuireann Mo Thaispeántas rannpháirtíocht an scoláire chun cinn trí:

- Rogha faoin réimse gníomhaíochta a ndíreofar air
- Rogha faoin scil/straitéis/teicníc a roghnaíodh leis an taispeántas a dhéanamh

## Ullmhúchán




Fíor 7: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 – Ullmhúchán

## Ullmhúchán an scoláire

Ba cheart go mbeadh eolas, scileanna agus tuiscint leordhóthanach forbartha ag an scoláire i gcaitheamh na chéad bhliana, na dara bliana agus na tríú bliana le tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2: Mo Thaispeántas. Mar chuid den teagasc agus den fhoghlaim leanúnach agus mar chuid den mheasúnú leanúnach ar na torthaí foghlama do Chorpoideachas na Sraithe Sóisearaí, ba cheart go mbeadh deiseanna ag an scoláire scileanna, teicnící agus straitéisí gluaiseachta cuí a fhorbairt a theastaíonn le go mbeidh an taispeántas éifeachtach. Ba cheart don scoláire na torthaí foghlama a bhaint amach thar shnáitheanna trí pháirt éifeachtach a ghlacadh i réimse gníomhaíochtaí coirp. De réir mar a théann an scoláire ar aghaidh tríd an tsraith shóisearach, ba cheart é/í a spreagadh chun dul i ngleic go gníomhach le measúnú scileanna agus le forbairt scileanna. Ba cheart go dtabharfaí lear mór deiseanna dóibh a inniúlacht ghluaiseachta a léiriú agus a fheabhsú trí pháirt a ghlacadh i réimse na ngníomhaíochtaí coirp. D'fhonn scileanna a bhaineann go sonrach leis an spórt a dhéanamh, ní mór don scoláire a bhunscileanna gluaiseachta a fhorbairt ar dtús.


Cé go bhfuil an Measúnú Rangbhunaithe suimitheach, tá sé i gceist go n-úsáidfidh an múinteoir agus an scoláire féin measúnú foirmitheach ó thús deireadh na sraithe sóisearaí. Ó chéim luath, trína rannpháirtíocht i réimse gníomhaíochtaí ba cheart don scoláire a bheith ar an eolas faoi na scileanna gluaiseachta agus faoin eolas a theastaíonn chun gluaiseachtaí casta a dhéanamh go héifeachtach i gcásanna dúshlánacha. Is é an bealach is fearr chun é sin a dhéanamh ná tabhairt ar an scoláire critéir ratha a úsáid don mheasúnú leanúnach le linn na chéad bhliana, na dara bliana agus na tríú bliana. Ag pointe iomchuí san fhoghlaim, ba cheart go mbeadh cur amach ag an scoláire ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear le caighdeán a Mheasúnaithe Rangbhunaithe 2: Mo Thaispeántas.

## Ullmhúchán an Mhúinteora

Tá sé tábhachtach na dátaí forfheidhmithe a shocrú chomh luath agus is féidir. Is é an príomhdháta a chaithfear a shocrú ón tús ná an dáta le haghaidh an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, is féidir leis an múinteoir agus an scoláire pleanáil do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Le dul i dtaithí ar mheasúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe - Mo Thaispeántas, b'fhiú go mór duit:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar shonraíocht Chorpoideachais na Sraithe Sóisearaí agus ar an Measúnú agus Tuairisciú | Sraith Uirlisí CNCM
- Plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéarfar Measúnú Rangbhunaithe 2 - Mo Thaispeántas a mheas agus aon teagasc, foghlaim nó bailiú fianaise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil a phleanáil.
- Íoslódáil agus féach ar shamplaí anótáilte de Mo Thaispeántas agus é ar fáil ag Corpoideachas | Curaclam Ar Líne

## Measúnú Rangbhunaithe a 2 a chur i gcrích:  Mo Thaispeántas




Fíor 8: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 – An Measúnú Rangbhunaithe a thabhairt i gcrích

Faoin tríú bliain, ba cheart go mbeadh taithí ag an scoláire ar an bhfoghlaim atá leagtha amach sna snáitheanna idirnasctha den chorpoideachas trí mheán na réimsí gníomhaíochta coirp agus faoi threoir na nGnéithe. Déanfar soláthar sa mheasúnú seo do neamhspleáchas an scoláire maidir le rogha réimse gníomhaíochta coirp agus spreagfar iad, i gcaitheamh sé seachtaine, le tabhairt faoi eispéiris a bhaineann le 4 chéim ar leith. Cuireann na heispéiris seo le giniúint fhianaise an scoláire ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil sa Mheasúnú Rangbhunaithe:

1. An ghníomhaíocht ábhartha a mheas - scileanna agus dearcthaí sonracha a bheidh air a léiriú trí thaispeántas
2. Réimse gníomhaíochta coirp a chinneadh mar mheán dá thaispeántas
3. Ullmhúchán a dhéanamh d'úsáid éifeachtach scileanna agus straitéisí gluaiseachta a bheidh mar chuid den taispeántas;
4. Ag feidhmiú go héifeachtach sa rang. Spreagtar don scoláire, ach ní éilítear air/uirthi, comhoibriú le comhscoláirí, ach bronnfar breithiúnas aonair ar gach scoláire.

| Ba cheart go léireodh do thaispeántas do chumas sna réimsí scileanna gluaiseachta seo a leanas: | | |
|---|---|---|
| Scileanna | Coincheapa | Straitéisí |
| • Cobhsaíocht<br>• Gluaiseacht<br>• Láimhsiú | • Corpfheasacht<br>• Feasacht spásúil<br>• Feasacht Iarrachta<br>• Caidrimh | • Taicticí<br>• Cinnteoireacht<br>• Taibhiú<br>• Sábháilteacht<br>• Rialacha agus gnásanna |


Tábla 4: Scileanna gluaiseachta le léiriú i rith an taispeántais

### Fianaise ar fhoghlaim

Beidh an fhianaise seo a leanas ag teastáil:

- Tar éis dóibh taispeántas a dhéanamh sa rang, ní mór do mhúinteoirí sampla fianaise a chur ar fáil de thaispeántais gach scoláire don phróiseas AFMÁ. Mar chuid den fhianaise, ach gan a bheith teoranta dóibh, d'fhéadfadh go mbeadh bileoga scórála, píosaí taifeadta, tuairimí gairmiúla scríofa ón múinteoir nó ó ghairmí Corpoideachais eile nó foirmeacha eile fianaise san áireamh. Ba cheart an scoláire a dhéanann taispeántas sa rang, agus na múinteoirí eile atá ag freastal ar an AFMÁ, a chur ar an eolas faoin bhfianaise a chuirfear i láthair don phróiseas AFMÁ roimh an taispeántas sa rang.

## An leibhéal gnóthachtála a chinneadh




Fíor 9: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 – An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

### Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos ar na Príomhghnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe - Mo Thaispeántas anseo. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na ceithre Thuairisceoir is fearr a oireann do thaispeántas an scoláire. Cuirfear na Gnéithe Cáilíochta seo i bhfeidhm ar shamplaí barántúla de Mheasúnú Rangbhunaithe an scoláire. Ag eascairt ón bpróiseas seo

- d’fheadfaí leasuithe a dhéanamh ar na Gnéithe Cáilíochta
- foilseofar Gnéithe Cáilíochta leasaithe, mar is cuí, sna treoirlínte measúnaithe agus
- foilseofar samplaí anótáilte d’obair scoláire ar www.curriculumonline.ie

Sula mbainfí úsáid as na Gnéithe Cáilíochta thíos, d’fhéadfadh gurbh fhiú súil siar a chaitheamh ar:

- Breithiúnais ‘thomhaiste’ a dhéanamh (leathanach 6)
- Measúnú cuimsitheach (leathanach 8)


## Na Gnéithe Cáilíochta: Measúnú - Mo Thaispeántas

| Thar barr ar fad |
| --- |
| • Áirítear sa taispeántas raon iontach scileanna /straitéisí/ teicnící, mar aon le léiriú iontach teanntáis, a cuireadh i bhfeidhm ar bhealach an-mhuiníneach, cumasach, comhsheasmhach agus sábháilte.<br>• Léiríonn an scoláire cumas iontach freagairt go héifeachtach agus é/í faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall d’fhoireann nuair is cuí.<br>• Léiríonn an scoláire tuiscint chuimsitheach ar rialacha agus ar chúrsaí agus prótacail sábháilteachta na gníomhaíochta a roghnaíodh agus cloíonn sé/sí go hiomlán leo.<br>• Léiríonn an scoláire leibhéal ard dúthrachta agus tiomantais chun feabhais, agus tá dul chun cinn den scoth déanta aige/aici. |
| **Os cionn na n-ionchas** |
| • Áirítear sa taispeántas raon an-mhaith scileanna /straitéisí/ teicnící, mar aon le léiriú iontach teanntáis, a cuireadh i bhfeidhm ar bhealach muiníneach, cumasach, comhsheasmhach agus sábháilte.<br>• Léiríonn an scoláire cumas an-mhaith freagairt go héifeachtach agus é/í faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall d’fhoireann nuair is cuí.<br>• Léiríonn an scoláire tuiscint an-mhaith ar rialacha agus ar chúrsaí agus prótacail sábháilteachta na gníomhaíochta a roghnaíodh agus cloíonn sé/sí go han-mhaith leo.<br>• Léiríonn an scoláire leibhéal maith dúthrachta agus tiomantais chun feabhais, agus tá dul chun cinn maith déanta aige/aici. |
| **Ag teacht leis na hionchais** |
| • Áirítear sa taispeántas raon sásúil scileanna /straitéisí/ teicnící, mar aon le léiriú iontach teanntáis, a cuireadh i bhfeidhm ar bhealach saghas muiníneach, cumasach, comhsheasmhach agus sábháilte.<br>• Léiríonn an scoláire cumas áirithe freagairt go héifeachtach agus é/í faoi bhrú, mar dhuine aonair agus mar bhall d’fhoireann nuair is cuí.<br>• Léiríonn an scoláire tuiscint mhaith ar rialacha agus ar chúrsaí agus prótacail sábháilteachta na gníomhaíochta a roghnaíodh agus cloíonn sé/sí go maith leo.<br>• Léiríonn an scoláire roinnt dúthrachta agus tiomantais chun feabhais agus tá dul chun cinn déanta aige/aici. |

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

- Léirítear scileanna teoranta/teicníc theoranta agus líon beag straitéisí sa taispeántas, gan mórán teanntáis nó muiníne.
- Léiríonn an scoláire cumas áirithe freagairt go héifeachtach agus é/í faoi bhrú, mar dhuine aonair nó mar bhall d'fhoireann nuair is cuí.
- Léiríonn an scoláire tuiscint easpach ar rialacha agus ar chúrsaí agus prótacail sábháilteachta na gníomhaíochta a roghnaíodh agus ní chloíonn sé/sí i gceart leo.
- Is beag dúthrachta nó tiomantais chun feabhais a léiríonn an scoláire, agus tá dul chun cinn teoranta déanta aige/aici.

## Na chéad chéimeanna eile




Fíor 10: An próiseas chun tabhairt faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 2 – Na Chéad Chéimeanna Eile

### Cruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Tiocfar ar chomhthuiscintí ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), cruinnithe ag a dtabharfaidh na comhaltaí foirne a samplaí féin d'obair scoláire isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, agus le samplaí anótáilte d'obair scoláire arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Baileofar fianaise de Mheasúnuithe Rangbhunaithe - Mo Thaispeántas de chuid na scoláirí i gcomhair plé ag cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Mar chuid den ullmhúchán don chruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, sainaithneoidh gach múinteoir sampla amháin d'obair scoláire le haghaidh gach tuairisceora, nuair is féidir, agus beidh siad sin ar fáil acu lena bplé ag an gcruinniú.
Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoin bpróiseas Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag Cruinnithe AFMÁ | CNCM

### Torthaí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a Thaifeadadh agus a Thuairisciú

Tar éis an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh ar an mbreithiúnas a rinne siad ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí ar an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus

gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta leanúnacha tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Sa chás nach gcuireann scoláire aon obair isteach don Mheasúnú Rangbhunaithe, ní féidir tuairisceoir a bhronnadh, toisc nach bhfuil obair ann lena plé i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta. Sa chás sin, ba cheart 'Neamhthuairiscithe' a roghnú nuair atá torthaí á gcur isteach i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí. Tá tuilleadh eolais maidir le tuairisceoirí an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a thuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag an nasc seo a leanas gov - Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) (www.gov.ie)

## Aiseolas a úsáid

Is céim ríthábhachtach é aiseolas éifeachtach a chur ar fáil maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe - Mo Thaispeántas a úsáid chun tacú le foghlaim sa chorpoideachas. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais maidir le húsáid an aiseolais ar fáil ag Díriú ar an bhFoghlaim | CNCM.

## Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment